2020. M24T 2020L005A4IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2020

# Tíreolaíocht

## Cuid a Dó

## Ardleibhéal

## 2 uair 50 nóiméad

400 marc

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
    - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(80 marc)**

      **AGUS**

    - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid (80 marc)**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceist 1 go 3)**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceist 4 go 6)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN.**

## Ceist 1

### 1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa iomlán Abhainn Abhóca
- Gné de shil-leagan cósta
- Bealach iomlán an tsiúlbhealaigh le comharthaí ar a dtugtar Siúlóid Ghleann Airt (*Glenart Walk*).
- An limistéar talún iomlán atá os cionn 200 méadar i mBaile Dhónaill (*Ballydonnell*) i dtuaisceart na léarscáile.

**[20m]**

### 1B. Carraigeacha

Mínigh foirmiú gach ceann díobh seo a leanas, agus bíodh tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu:

- Bruthcharraig phlútónach **amháin**
- Carraig mheiteamorfach **amháin**.

**[30m]**


### 1C. Teorainneacha Plátaí

Tabhair cur síos agus míniú ar theorainneacha plátaí déanmhasacha.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. Filleadh agus Éascadh




Scrúdaigh an léaráid thuas a léiríonn éifeacht an fhillte ar shraitheanna carraige le linn thréimhse Armarcach na tógála fillsléibhte. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an chuid sin de fhilleadh, lipéadaithe **A,** a fhoirmítear nuair a bhrúitear suas sraitheanna carraige.

(ii) Ainmnigh an chuid sin de fhilleadh, lipéadaithe **B**, a fhoirmítear nuair a bhrúitear síos sraitheanna carraige.

(iii) Ainmnigh sliabhraon **amháin** in Éirinn a foirmíodh le linn an fhillte Armarcaigh.

(iv) Ainmnigh tréimhse eile inar tógadh fillsléibhte a mhúnlaigh tírdhreach na hÉireann le 400 milliún bliain anuas.

(v) Mínigh go hachomair an téarma comhbhrú mar a bhaineann sé le filleadh.

(vi) Ainmnigh **dhá** chineál éisc.

(vii) Ainmnigh **dhá** ghné tírdhreacha a fhoirmítear trí éascadh.

**[20m]**

### 2B. Próisis Dromchla

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Scrúdaigh an chaoi a dtéann **próisis an chreimthe** i bhfeidhm ar fhoirmiú tírghné abhann **amháin** nó ar fhoirmiú tírghné cósta **amháin** nó ar fhoirmiú tírghné oighrí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**Nó**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **na tosca a rialaíonn oibriú** próisis ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**


### 2C. Síonchaitheamh

Mínigh próiseas **amháin** síonchaithimh fhisicigh **agus** próiseas **amháin** síonchaithimh cheimicigh.

**[30m]**

## Ceist 3

### 3A. Tírdhreacha Carstacha




Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann tírdhreach carstach agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh na gnéithe atá lipéadaithe **A**, **B** agus **C** sa léaráid thuas.

(ii) Cuir in iúl cé acu atá an ráiteas seo a leanas fíor nó bréagach.

*Doilíne* is ea an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an ngné a fhoirmítear nuair a thiteann córas pluaiseanna, mar a thaispeántar sa limistéar timpeall **D.**

(iii) Ainmnigh **dhá** ghné a fhoirmítear ar dhromchla tírdhreach carstach.

(iv) Cén cineál carraige is mó a luaitear le tírdhreacha carstacha?

(v) Cad é an téarma a thugtar ar na línte cothrománacha a fhaightear i gcarraig dhríodair, mar a thaispeántar ag **E**?

(vi) Cén cineál síonchaithimh cheimicigh is mó a luaitear le foirmiú tírdhreach carstach?

(vii) Luaigh cad is brí leis an téarma *carraig thréscaoilteach*.

**[20m]**

### 3B. Iseastatacht

Déan cur síos agus tabhair míniú ar conas a mhúnlaigh an iseastatacht tírdhreach na hÉireann.

**[30m]**

### 3C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Bíonn an duine ag idirghníomhú le timthriall na gcarraigeacha i mórán slite.

Déan cur síos agus tabhair míniú ar conas a tharlaíonn an t-idirghníomhú seo le timthriall na gcarraigeacha, agus tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar tógála
- Saothrú ola / gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceisteanna 4 to 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**.

## Ceist 4

### 4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Abhainn ainmnithe
- Imchruth gné ainmnithe rilífe (ar thalamh ard nó ar thalamh íseal)
- **Dhá** lárionad uirbeacha ainmnithe.

**[20m]**

### 4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Scrúdaigh an fhorbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **Eorpach** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air, agus tagairt agat do **dhá** cheann de na tosca seo a leanas:

- Ámhábhair
- Margaí
- Infreastruchtúr
- Beartas Rialtais.

**[30m]**


### 4C. Forbairt Uirbeach

Scrúdaigh na tosca a raibh tionchar acu ar an bhforbairt a tháinig ar cheantar uirbeach **amháin** i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. Turasóireacht

| Turais go Baile Átha Cliath | Turais go dtí an tIarthar | Turais go Poblacht na hÉireann |
|---|---|---|
|  |  |  |
| • Tháinig 5.9 milliún turasóir ó thar lear agus chaith siad €2 bhilliún.<br>• Rinne cónaitheoirí Éireannacha 1.5 mhilliún turas agus chaith siad €307 milliún. | • Tháinig 1.9 milliún turasóir ó thar lear agus chaith siad €694 milliún.<br>• Rinne cónaitheoirí Éireannacha 1.6 mhilliún turas agus chaith siad €353 milliún. | • Tháinig 9 milliún turasóir ó thar lear agus chaith siad €4.9 mbilliún.<br>• Rinne cónaitheoirí Éireannacha 9.6 milliún turas agus chaith siad €1.9 mbilliún. |

Curtha in oiriúint ó Fáilte Ireland

Scrúdaigh an ghrafaic thuas a thaispeánann sonraí turasóireachta na hÉireann don bhliain 2017 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cé mhéad turas a rinne cónaitheoirí Éireannacha taobh istigh de Phoblacht na hÉireann in 2017?

(ii) Cé mhéad airgid (€ milliún) a chaith turasóirí ó thar lear ar thurais go dtí an tIarthar?

(iii) De na turasóirí ó thar lear a thug cuairt ar Phoblacht na hÉireann cén céatadán díobh a thug cuairt ar Bhaile Átha Cliath?

(iv) Mínigh go hachomair **dhá** chúis ar thug níos mó turasóirí ó thar lear cuairt ar Bhaile Átha Cliath ná mar a thug cuairt ar an Iarthar.

(v) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh thionscal turasóireachta na hÉireann.

**[20m]**

### 5B. Dinimic Daonra

Tabhair míniú ar dháileadh an daonra ar fud réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 5C. Réigiúin Shocheacnamaíocha

Pléigh conas a bhíonn an ghníomhaíocht gheilleagrach i gcroi-réigiúin difriúil leis an ngníomhaíocht gheilleagrach i réigiúin fhorimeallacha.

**[30m]**

## Ceist 6

### 6A. Gníomhaíocht Gheilleagrach

Fostaíocht i gCuideachtaí Ilnáisiúnta Iasachta (CINanna) atá ag oibriú in Éirinn agus Fostaíocht Iomlán in Éirinn, 2013-2017

| Bliain | Fostaíocht sna CIN (mílte) | Fás na Fostaíochta sna CIN mar % | Fostaíocht Iomlán (mílte) | Sciar na Fostaíochta Iomláine curtha síos do CINanna |
|---|---|---|---|---|
| **2013** | 300 | 1.0% | 1,971 | 15.0% |
| **2014** | 302 | 0.7% | 2,025 | 14.9% |
| **2015** | 304 | 0.8% | 2,085 | 14.6% |
| **2016** | 311 | 2.2% | 2,164 | **X** |
| **2017** | 318 | 2.3% | 2,231 | 14.3% |

Arna chur in oiriúint ó POS

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an fhaisnéis faoi chuideachtaí ilnáisiúnta iasachta (CINanna) atá ag oibriú in Éirinn agus faoin bhfostaíocht iomlán in Éirinn, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén bhliain inar tháinig fás 0.7% ar an bhfostaíocht sna CINanna?

(ii) Cad é an fhostaíocht iomlán (ina mhílte) a bhí ann in 2017?

(iii) Ríomh **X**, sciar céatadánach na fostaíochta iomláine a cuireadh síos do CINanna in 2016.

(iv) Mínigh go hachomair **dhá** chúis a mealltar CINanna chun lonnú in Éirinn.

(v) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh CIN atá suite in Éirinn.

**[20m]**

### 6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil

Scrúdaigh na tosca fisiceacha a théann i bhfeidhm ar fhorbairt na talmhaíochta in **dhá réigiún** chontrártha **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

### 6C. Coincheap an Réigiúin

Scrúdaigh an chaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as ceann **amháin** díobh seo a leanas chun sainmhíniú a dhéanamh ar réigiúin chultúrtha, agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Teanga
- Reiligiún.

**[30m]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála de léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An limistéar faoi fhoirgnimh san Inbhear Mór laisteas de Abhainn Abhóca
- Cúrsa iomlán mhótarbhealach an M11
- Cúrsa iomlán na líne iarnróid
- Oifig an phoist san Inbhear Mór.

**[20m]**

**7B. Cuideachta Ilnáisiúnta**

Scrúdaigh an tslí a dtéann an domhandú i bhfeidhm ar an trádáil dhomhanda agus tagairt agat d’fheidhmiú cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

**7C. Éire agus an tAontas Eorpach**

Scrúdaigh an chaoi a dtéann ballraíocht san Aontas Eorpach i gcion ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. Fiachas Rialtais

Fiachas an Rialtais in aghaidh an Duine i Limistéar an Euro, 2019

| Tír | Fiachas an Rialtais in aghaidh an duine (€ mílte) |
|---|---|
| An Meán i Limistéar an Euro | 29 |
| Éire | 43 |
| An Ghréig | 30 |
| An Spáinn | 25 |
| An Iodáil | 38 |
| An Bheilg | 40 |

Curtha in oiriúint ó www.debtclocks.eu

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann fiachas rialtais na dtíortha i limistéar an Euro mar mheán in aghaidh an duine, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil fiachas mór ar rialtas na hÉireann.

**[20m]**

### 8B. Geilleagar i mBéal Forbartha

Scrúdaigh an tslí a dtéann patrúin na trádála domhanda i bhfeidhm ar gheilleagar **amháin** atá i mbéal forbartha agus a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 8C. Suíomh na Gníomhaíochta Geilleagraí

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Déan plé ar **thrí** chúis a bhfuil ceantar an Inbhir Mhóir ina shuíomh oiriúnach le haghaidh fhorbairt na turasóireachta. Úsáid fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis **agus** as an aerfótagraf **araon** mar thaca le do fhreagra.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. An Fhorbairt a Thomhas

Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) do Thíortha Roghnaithe

| | 1990 | 2000 | 2010 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| **An Iorua** | 0.85 | 0.917 | 0.942 | 0.953 |
| **Éire** | 0.763 | 0.857 | 0.909 | 0.938 |
| **An Bhrasaíl** | 0.611 | 0.684 | 0.727 | 0.759 |
| **An tSín** | 0.502 | 0.594 | 0.706 | 0.752 |
| **An tSiria** | 0.562 | 0.59 | 0.644 | 0.536 |
| **Siarra Leon** | 0.275 | 0.284 | 0.385 | 0.419 |

Curtha in oiriúint ó www.hdr.undp.org

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) le haghaidh tíortha roghnaithe do na blianta idir 1990 agus 2017 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna a bhí ag an tSín in 2000?

(ii) Cén tír ag a raibh an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna is airde in 2017?

(iii) Ríomh an difríocht a bhí idir an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna a bhí ag an mBrasaíl in 2017 agus an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna a bhí ag Siarra Leon in 2017.

(iv) Aimnigh an tír inar tháinig laghdú ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna idir na blianta 2000 agus 2017 **agus** luaigh cúis fhéideartha **amháin** leis an laghdú sin.

(v) Ainmnigh **dhá** tháscaire a úsáidtear chun an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna i dtír a ríomh.

(vi) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann leis an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna a úsáid mar thomhas ar an bhforbairt gheilleagrach.

**[20m]**

### 9B. Gníomhaíocht Gheilleagrach i nGeilleagar Forbartha

Scrúdaigh forbairt ceann **amháin** díobh seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Tionscail gan chuing
- Seirbhísí airgeadais
- Ollturasóireacht.

**[30m]**

### 9C. Iarmhairtí ar an gComhshaol

Scrúdaigh na hiarmhairtí comhshaoil a bhaineann le breoslaí iontaise a dhó.

**[30m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**10A. Aerfótagraf**

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An abhainn
- An droichead
- An raon reatha sa talamh láir
- An loch sa tulra ar chlé.

**[20m]**

**10B. Uirbeachas sa Todhchaí**

Déan plé ar **dhá** cheist a mbeidh ar chathracha dul i ngleic leo sa todhchaí.

**[30m]**


**10C. Imirce**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar athruithe patrún na himirce in Éirinn ó 1950 i leith.

**[30m]**

## Ceist 11

### 11A. Daonra na hÉireann




Curtha in oiriúint ón POS

Scrúdaigh an chairt thuas a thaispeánann cóimheas cleithiúnais i gcás contaetha Éireannacha roghnaithe idir 2011 agus 2016, agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad é an cóimheas cleithiúnais (%) a bhí ann i gcás an Longfoirt in 2011?

(ii) Cén contae a raibh an cóimheas cleithiúnais is ísle aige in 2016?

(iii) Ríomh an difríocht idir na cóimhmheasa cleithiúnais (%) i gCill Dara agus i nDún na nGall don bhliain 2016.

(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a mbíonn na cóimheasa cleithiúnais níos ísle de ghnáth i gceantracha uirbeacha ná mar a bhíonn i gceantracha tuaithe.

(v) Mínigh go hachomair **dhá** iarmhairt de thoradh ar mhéadú ar an gcóimheas cleithiúnais.

**[20m]**

### 11B. Fairsingiú Uirbeach

De réir mar a thagann fairsingiú ar chathracha téann siad i bhfeidhm ar na ceantair mórthimpeall orthu.

Pleigh an ráiteas seo agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

### 11C. Gréasáin Lonnaíochta Tuaithe

Agus tagairt agat don léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, déan cur síos agus tabhair míniú ar **thrí** ghréasán dhifriúla lonnaíochta tuaithe atá le feiceáil ar an léarscáil.

**[30m]**

## Ceist 12

### 12A. Imirce

Náisiúntacht na nIarrthóirí Tearmainn in Éirinn
sna chéad naoi mí in 2019

| Náisiúntacht na n-iarrthóirí | % de líon iomlán na n-iarratas |
|---|---|
| An Albáin | 23% |
| An Afraic Theas | 7% |
| An tSiombáib | 8% |
| An tSeoirsia | 15% |
| An Nigéir | 7% |
| Eile | 40% |

Curtha in oiriúint ó www.ipo.gov.ie

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann náisiúntacht na n-iarrthóirí tearmainn in Éirinn sna chéad naoi mí in 2019, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair chúis **amháin** a ndéanann daoine iarratas ar thearmann.

**[20m]**

### 12B. Pleanáil Uirbeach

Scrúdaigh éifeachtacht na straitéisí pleanála uirbí agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

### 12C. Daonra

Scrúdaigh an tionchar/an iarmhairt a bhíonn ag ceann **amháin** ar bith de na tosca seo a leanas ar leibhéil fáis an daonra, agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Leibhéil ioncaim
- Sochaí agus cultúr
- Teicneolaíocht.

**[30m]**

## ROINN 3 – ROGHAONAID

## Ceist 13 go 24

Freagair ceist **AMHÁIN**.

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta ar líon mór pointí.

**13.** Scrúdaigh an méid is féidir leis an trádáil chóir cur leis an bhforbairt inbhuanaithe.

**[80m]**

**14.** Bealach chun fás geilleagrach a nascadh le forbairt dhaonna is ea cumhasú daoine.

Pléigh an ráiteas sin agus tagairt agat do **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas:

- Fiachas náisiúnta
- Cláir chúnaimh
- Patrúin in úinéireacht na talún
- Róil inscne dhifriúla sa tsochaí.

**[80m]**

**15.** Mairimid i ngeilleagar idirspleách domhanda. Bíonn tionchar ag gníomhartha nó ag cinntí a dhéantar i gceantar amháin ar cheantair eile.
Scrúdaigh an ráiteas sin agus tagairt agat do gach ceann díobh seo a leanas:

- Fadhbanna domhanda comhshaoil
- Tionchar cinntí sóisialta agus polaitiúla.

**[80m]**

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta ar líon mór pointí.

**16.** Pléigh an tslí inar féidir le gníomhaíocht an duine iarmhairtí dearfacha agus iarmhairtí diúltacha a imirt ar an ithir.

**[80m]**

**17.** Déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcomhdhéanamh ginearálta agus ar na saintréithe atá ag cineál **amháin** ithreach ar bith.

**[80m]**

**18.** Déan cur síos ar na saintréithe aeráide i mbithóm **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air **agus** scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag na saintréithe aeráide sin ar na hithreacha agus ar an bhfásra sa bhithóm sin.

**[80m]**

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta ar líon mór pointí.

**19.** Scrúdaigh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm nó a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun tacú le marthanacht teangacha mionlaigh.

**[80m]**

**20.** Tá tosca cultúrtha éagsúla ag baint le coincheap na féiniúlachta.
Pléigh an ráiteas sin agus tagairt agat do chás-staidéar ar réigiún san Eoraip a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

**21.** Is iomaí stát a bhfuil grúpaí cultúrtha difriúla laistigh dá theorainneacha.
Pléigh é sin.

**[80m]**

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta ar líon mór pointí.

**22.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag saintréithe aeráide ar fhorbairt gheilleagrach.

**[80m]**

**23.** Tagann patrúin dhifriúla aimsire chun cinn mar thoradh ar chúrsaíocht san atmaisféar agus sna haigéin.
Pléigh é sin.

**[80m]**

**24.** Athraíonn saintréithe aeráide le himeacht an ama agus ó áit go háit.
Pléigh é sin.

**[80m]**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a Dó

2 uair 50 nóiméad